Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5349/26**

**CONSOM 9**
**MI 42**
**COMPET 53**
**SUSTDEV 8**
**ENV 43**
**ENER 18**
**DIGIT 14**
**IND 30**
**DELACT 4**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 5 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 12.1.2026<br>lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1799 lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn chun go gcuimseofar téitheoirí spáis áitiúla tí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1103 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla agus na rialtán gaolmhar ar leithligh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 5 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.1.2026
C(2026) 5 final

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.1.2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1799 lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn chun go gcuimseofar téitheoirí spáis áitiúla tí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1103 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla agus na rialtán gaolmhar ar leithligh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glacadh Treoir (AE) 2024/1799 maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn an 13 Meitheamh 2024. Le hAirteagal 5 den Treoir, forchuirtear oibleagáid ar mhonaróirí na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann léi a dheisiú, arb earraí iad ar bunaíodh ceanglais indeisitheachta ina leith ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, cuirtear cosc léi ar mhonaróirí na n-earraí sin úsáid a bhaint as clásail chonarthacha ná as teicnící crua-earraí ná bog-earraí a chuireann bac ar dheisiú earraí ach amháin i gcás ina mbeadh údar maith leo de bharr tosca dlisteanacha oibiachtúla.

I gcás gach earra a thagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn II, tagraítear san iarscríbhinn chéanna do ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais lena leagtar síos na ceanglais indeisitheachta maidir leis an gcineál earra sin. Is iad na nithe atá i gceist leis na ceanglais sin na hoibleagáidí atá ar an monaróir páirteanna spártha a sholáthar le linn tréimhsí sonraithe, é a bheith éasca an t-earra a dhíchóimeáil agus a athchóimeáil le haghaidh a dheisithe, agus faisnéis agus/nó uirlisí a bhaineann le deisiú a sholáthar. An chuid is mó de na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, glacadh iad mar reachtaíocht thánaisteach i réimse na héicidhearthóireachta ar bhonn Threoir 2009/125/CE lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú[1]. Amach anseo, glacfar iad den chuid is mó i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2024/1781 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú[2] agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE.

Leantar den reachtaíocht éicidhearthóireachta thánaisteach ábhartha a fhorbairt, agus ceanglais indeisitheachta nua á dtabhairt isteach le haghaidh na gcineálacha earraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II agus le haghaidh cineálacha nua earraí araon. Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún faoi Airteagal 5(9) de Threoir (AE) 2024/1799 gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II a leasú i bhfianaise forbairtí rialála den sórt sin chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir maidir le gach cineál earra atá faoi réir ceanglais indeisitheachta faoi dhlí an Aontais.

An 18 Aibreán 2024, ghlac an Coimisiún Rialachán (AE) 2024/1103 maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla agus na rialtán gaolmhar ar leithligh[3] lenar n-aisghaireadh Rialachán (AE) 2015/1188 ón gCoimisiún. Leis an Rialachán sin, leagtar síos ceanglais indeisitheachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla tí. Tá forálacha ann arb é is aidhm dóibh feabhas a chur a n-indeisitheacht, amhail an oibleagáid atá ar mhonaróirí páirteanna spártha a chur ar fáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad tar éis an t-aonad deiridh den chineál lena mbaineann a chur ar an margadh. Leagtar síos ann freisin ceanglais maidir le

---

[1] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/2012-12-04

[2] Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1103 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla agus na rialtáin ghaolmhara ar leithligh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/1188 ón gCoimisiún, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1103/oj

rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil le haghaidh deisitheoirí. Dá bhrí sin, ní mór Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1799 a leasú chun téitheoirí spáis áitiúla tí agus Rialachán (AE) 2024/1103 a chuimsiú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Pléadh an gníomh le saineolaithe ó na Ballstáit sa Ghrúpa Saineolaithe maidir leis an Dlí Tomhaltóirí agus Margaíochta agus le ranna an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil leis an reachtaíocht éicidhearthóireachta. Ina theannta sin, chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle freisin.

Ós rud é gurb é atá sa ghníomh tarmligthe leasú teicniúil i bhfoirm earraí breise a chur le raon feidhme Threoir (AE) 2024/1799, ní dhearnadh comhairliúchán poiblí oscailte maidir leis an ngníomh.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Airteagal 1: Nuashonrú ar Iarscríbhinn II

I bhfianaise ghlacadh Rialachán (AE) 2024/1103 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla agus na rialtán gaolmhar ar leithligh, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1799 a leasú chun téitheoirí spáis áitiúla tí agus Rialachán (AE) 2024/1103 ón gCoimisiún a chur le liosta na n-earraí agus na ngníomhartha dlí lena leagtar síos na ceanglais indeisitheachta chun críocha na Treorach seo.

Airteagal 2: Trasuí

Ó tharla go mbeidh feidhm ag Treoir (AE) 2024/1799 ón 31 Iúil 2026 ar aghaidh, ba cheart an sprioc-am céanna a bheith ag na Ballstáit chun an gníomh seo a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta. Leis sin, beidh na Ballstáit in ann an gníomh seo lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1799 a thrasuí an tráth céanna leis an Treoir bhunaidh.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.1.2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1799 lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn chun go gcuimseofar téitheoirí spáis áitiúla tí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1103 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla agus na rialtán gaolmhar ar leithligh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1799 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828[4], agus go háirithe Airteagal 5(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/1799, forchuirtear oibleagáid ar mhonaróirí na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a dheisiú, arb earraí iad ar bunaíodh ceanglais indeisitheachta ina leith ar leibhéal an Aontais.

(2) De réir Airteagal 5(9) den Treoir, ba cheart don Choimisiún Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta laistigh de 12 mhí ar a dhéanaí tar éis foilsiú gníomhartha dlí de chuid an Aontais ina bhfuil ceanglais indeisitheachta ábhartha bhreise. Is iad na nithe atá i gceist leis na ceanglais ábhartha sin an oibleagáid atá ar an monaróir páirteanna spártha a sholáthar le linn tréimhsí sonraithe, é a bheith éasca earra a dhíchóimeáil nó a athchóimeáil le haghaidh a dheisithe, agus faisnéis agus/nó uirlisí a bhaineann le deisiú a sholáthar.

(3) An 18 Aibreán 2024, ghlac an Coimisiún Rialachán (AE) 2024/1103 maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla agus na rialtán gaolmhar ar leithligh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/1188 ón gCoimisiún. Leis an Rialachán sin, leagtar síos ceanglais indeisitheachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla tí. Tá forálacha ann arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar indeisitheacht na n-earraí sin, amhail an oibleagáid atá ar mhonaróirí páirteanna spártha a chur ar fáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad tar éis an t-aonad deiridh den chineál lena mbaineann a chur ar an margadh. Leagtar síos ann freisin ceanglais maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil le haghaidh deisitheoirí. Dá bhrí sin, tá ceanglais indeisitheachta in Rialachán (AE) 2024/1103 atá ábhartha maidir le téitheoirí spáis áitiúla tí.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1799 a leasú chun téitheoirí spáis áitiúla tí a chuimsiú.

---

[4] IO L, 2024/1799, 10.7.2024, *ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1799/oj*

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1799, cuirtear isteach pointe nua (11) seo a leanas:

'11. Le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla tí, Rialachán (AE) 2024/1103 ón gCoimisiún[o](*).'.

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Iúil 2026. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 31 Iúil 2026.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.1.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

---

[o] Rialachán (AE) 2024/1103 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis áitiúla agus na rialtáin ghaolmhara ar leithligh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/1188 ón gCoimisiún IO L, 2024/1103, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1103/oj.